

A. Nasc idir an litríocht agus an siollabas

Litríocht	Ábhar ar an siollabas	Sraith pictiúr	Scrúdú Béil	Ceapadóireacht
Oisín i dTír na n-óg	Cultúr na hÉireann Cairdeas Daoine ar leith Creideamh Laethanta saoire	“An Ghaeilge - seoid luachmhara agus cuid dár gcultúr” “Fadhbanna ar laethanta saoire”	caitheamh aimsire cairdeas teaghlach cúrsaí grá	Litir a scríobh bunaithe ar laethanta saoire srl (ábhair eile) Aiste
Dís				
Hurlamaboc				
Cáca milis				
An Lasair Choile				
An Ghnáthrud				
Seal i Nepal				
Géibheann				
Colscaradh				
Mo ghrása				
Spailpín fánach				
An tEarrach thiar				


B. Tairngreacht an Scéil

Seo ráitis faoin scéal Hurlamaboc. Iarrtar ort aontú nó easaontú leo nuair a léitear an scéal den chéad uair agus arís tar éis duit dianstaidéar a dhéanamh air.

Roimh		Ráiteas		Tar éis	
Aontaím	Ní aontaím			Aontaím	Ní aontaím
		1	Léiríonn an scéal seo go bhfuil muintir na hÉireann buartha faoi mheas na gcomharsan.		
		2	Ní bhíonn suim ag déagóirí in Éirinn i saol a dtuismitheoirí.		
		3	Is duine ardnósach í an mháthair sa scéal seo.		
		4	Is minic a bhíonn an locht ar thuismitheoirí nuair a bhíonn fadhbanna pearsanta ag déagóirí.		
		5	Tá suim ag an máthair sa scéal seo sa gharraíodóireacht, teangacha agus scannánaíocht.		
		6	Tá an-chuid oibre i gceist chun cóisir tí a eagrú.		
		7	Maidir le háilleacht na mban, caithfidh siad a bheith caol, le gruaig fhada fhionn, agus smideadh á gcaitheamh acu.		
		8	Ba chóir do gach duine a chónaíonn sa cheantar a bheith cosúil lena chéile agus ar aon intinn, dar le príomhcharachtar an scéil, Lisín.		
		9	Ciallaíonn Hurlamaboc rírí agus ruaille buaille .		
		10	Tá Lisín pósta le Pól Albright agus iad an-sásta.		
		11	Tá beirt mhac gealgháireach i dteaghlach Albright sa scéal seo.		

C. Eagraithe Físfhoghlama

De réir mar a léann tú an scéal, breac na mórphointe in ord aimsire.



D. Ceist Nótaí

Scríobhann na scoláirí foclóir nua i gcolún A nuair a léann siad an sliocht den chéad uair. Breacann siad soiléiriú agus míniúcháin i gcolún B de réir mar a léann siad na nathanna arís sa chomhthéacs. Is féidir leis na scoláirí seo a úsáid mar uirlis dul siar.

A. Breac síos nathanna, foclóir nár thuig tú an chéad uair a léigh tú an sliocht.	B. Bain úsáid as an bhfoclóir nua seo i gcomhthéacs eile
uaillmhianach	Is duine uaillmhianach í mo dheirfiúr mar ba bhreá léi freastal ar an ollscoil agus í fós sa bhunscoil!
arán lámhdhéanta	Déanann mo sheanmháthair arán lámhdhéanta toisc go bhfuil sé níos sláintiúla agus is breá léi a bheith ag báicéireacht

E. Féidearthachtaí eile don léitheoireacht

<i>Gníomhaíochtaí réamhléitheoireachta/ réamhfhéachana</i>	<i>Gníomhaíochtaí le linn léitheoireachta/ le linn féachana</i>	<i>Gníomhaíochtaí iarléitheoireachta/ iarfhéachana</i>
Rás foclóra. Tabhair téama an phíosá dóibh. Cúig nóiméad a thabhairt don rang (I ngrúpaí b'fhéidir) chun foclóir/Teanglann a úsáid chun teacht ar an uimhir is mó focal bainteach leis an téama. Iad seo go léir a chur ar an gclár bán	Iarr ar na scoláirí pictiúr/sraith pictiúr a tharraingt nó cur i láthair PPT a chur le chéile bunaithe ar véarsa/ alt ón bpíosá. Is féidir na pictiúir a lipéadú freisin nó cur síos gearr a chur leo.	Cosúlachtaí an scéil le scannán/scéal eile a phlé. Is féidir abairtí conspóideacha a úsáid chun díospóireacht a chothú
Comhthéacs a chruthú trí íomhánna/pictiúir a úsáid. D'fhéadfaí scéal bainteach leis an téama a chumadh bunaithe ar na híomhánna.	Cumadh gach beirt comhrá samhailteach idir bheirt charachtair ón dán/scéal.	Obair bheirte: Deirí difriúla a chumadh don phíosá. Teidil nua a chumadh don phíosá
Teideal an dáin/an phíosá a thabhairt. Déanadh na grúpaí buille faoi thuairim faoin ábhar/scéal.	A iarraidh ar na scoláirí dá mbeadh siad I mbróga duine de na carachtair sa scéal/dán, an ndéanfaidís na rudaí céanna is a rinne an carachtar? Plé ar sin	Anailís a dhéanamh ar phíosá litríochta le cabhair na n-Eagraithe Físfhoghlama.
Plé a dhéanamh ar cad is gearrscéal/beathaisnéis/ dán ann. Saothair eile I mBéarla a ainmniú. Plé a dhéanamh ar ábhar an scéil/dáin srl. Nasc a chruthú leis an saothar a bheidh idir lámha sa rang.	Abairt a thógáil ón bpíosá agus é a thabhairt do ghrúpaí chun é a stracadh as a chéile. Cuiridís ainmfhocail/briathra/ réamhfhocail difriúla san abairt gan gramadach na habairte a lot.	Liosta abairtí a chur ar an gclár bán bainteach leis an scéal, ach le botún gramadaí amháin I ngach ceann acu. Comórtas idir na grúpaí chun a) an botún a aithint agus b) é a chur ina cheart.


F. SCLAC (SQ3R).

Tá an straitéis seo bunaithe ar SQ3r (Between the Lines, lth 50.) Survey, Question, Read, Review, Recall.

Sracfhéachaint	<p>Féach ar an teideal, pictiúir a théann leis, an chéad alt agus an t-alt deireannach.</p> <p>Cad atá ar eolas agat faoin scéal seo cheana?</p>
Ceistigh	<p>Cad é ábhar an scéil seo?</p> <p>Cén t-eolas atá uaim?</p> <p>An bhfuil ceisteanna fós le freagairt agam?</p> <p>Cén fhianaise atá sa téacs chun tacú le mo thuairimí?</p>
Léigh	<p>Léigh an sliocht go cúramach agus déan na mórpointí a aimsiú.</p>
Athbhreithnigh	<p>Léigh arís na míreanna is tábhachtaí agus breac nóta d'aon ghné eile a thagann chun solais.</p>
Cuimhnigh	<p>Agus an téacs léite agat, déan machnamh. An bhfuil freagraí agat anois ar na ceisteanna? Cuimhnigh ar na heochairfhocail agus na mórpointí agus mínigh do dhuine in aice leat.</p>

G. Léaráid Venn

Bain leas as an Venn seo chun carachtair a iniúchadh. Roghnaigh na tréithe a bhaineann le carachtar amháin, beirt nó an triúr ar fad. Dírígh isteach ar na cosúlachtaí agus na difríochtaí eatarthu uilig.



Uaillmhianach	Iomaíoch	Mímhacánta	Cumasach
Lagmhisniúil	Sásta	Réchúiseach	Snasta
Dathúil	Rathúil	Neamhghnách	Foirfe
		Glic	Ciallmhar

H. Na Carachtair a Iniúchadh.

Sracfhéachaint ar an bprós				
Teideal: An Gnáthrud				
Carachtair	Tréithe	Sampla ón scéal	Rudaí a tharla/eachtra eachtra sa scéal	Líne
Jimmy	Cineálta	Bhí sé cineálta lena chomhghleacaithe nuair a bhí sé i dtrioblóid	Chosain sé Billy ón <i>gaffer</i> san obair.	B'éigean do Jimmy tarrtháil a thabhairt air agus geallstan don <i>gaffer</i> go gcoinneodh sé ag gabháil mar ba cheart é.
	Grámhar			
	Dílis			
	Meas aige ar dhaoine			

Sracfhéachaint ar an bhfilíocht				
Teideal: Géibheann				
File: - Catlín Maude				
Téama	Iómhá	Mothúcháin/atmaisféar	Meadaracht	Líne
Daoirse	Ainmhí sa zú	brón, íseal brí, lag, díomá	saorvéarsaíocht	<p>“ ar leathshúil ar an gcrann aonarach sin thall”</p> <p>“a dhéanfadh rud ar bith dom ach mé a ligean amach”</p>

I. Úsáid íomhánna

Tomhais na nathanna. Tagann na focail/nathanna seo a leanas ón scéal. Féach ar na pictiúir ar an mbileog agus cuir tic ✓ in aice leis an 12 fhocal/nath a cheapann tú atá sa scéal:



- | | | | |
|----------------------|--------------------------------------|----------------------------------|-------------------------|
| 1. each(capall) bán | 2. peil | 3. in Éirinn | 4. seandúine bocht dall |
| 5. Niamh Chinn Óir | 6. ceol | 7. an marcach mná ab áille gnaoi | 8. file |
| 9. Pádraig Naofa | 10. ag baint chloch | 11. Oisín | |
| 12. na Fianna | 13. a dhís(bheirt) mhac agus a iníon | 14. bád | |
| 15. ar an bhfarráige | 16. bia | 17. pósadh | 18. dán |

J. Bosca Ceoil na Scríbhneoireachta

Seo straitéis chun tacú le scoláirí freagraí a scríobh bunaithe ar an scéal. Tá ceithre abairt sa chéad alt. Feidhmíonn gach ceann de na habairtí mar an gcéad abairt in altanna eile. Iarrtar ar na scoláirí an abairt a leathnú chun alt a dhéanamh.

Cén sort duine í Niamh Chinn Óir?

Is spéirbhean álainn í Niamh. Níl uaithi ach Oisín. Níl trua aici do Fhionn. Is bean chliste í a bhfuil cumhachtaí osnadúrtha aici. Tá ar a cumas an todhchaí a thuar/a fheiceáil.

Is spéirbhean álainn í Niamh
Níl uaithi ach Oisín.
Níl trua aici do Fhionn.
Is bean chliste í a bhfuil cumhachtaí osnadúrtha aici.

Is spéirbhean álainn í. Bhí coróin ar a ceann agus bhí brat álainn síoda uirthi le réalta dearg-óir. Bhí gruaig fhionn uirthi agus bhí súile mealltacha gorma aici.

K. Meaitseáil Téarmaí

Sa stáitéis seo iarrtar ar na daltaí na focail chúí a mheaitseáil leis na téarmaí cúí

Bíonn sé níos éifeachtaí dathanna a bheith ann do rang lag.

Príomhthéama	Mothúcháin
Meadarach	Tréithe litríochta
Cur síos	Carachtair
Aidiachtaí	Teicníochtaí Fileata

Grá	Fuath	Brón	Uaigneas	áthas
Eagla	Éad	Faoiseamh	Cumha	sceitimíní
Tart	Ocras	Díomá	tuirse	fuar
Tabhair	Cruthaigh	Úsáid	Léirigh	Taispeáin
Feic	Dean	Cíoraigh	Braaith	Bí
Is	Cuir	Ceap	Múscail	fada
Friotal	Uaim	Chomhfhuaim	Rím	athrá
Cosúlachtaí	Difríochtaí	Comparáid	áibhéil	Pearsantú
Béim	líne	codarsnacht	véarsa	Amhrán
Fuaim	te	éifeachtach	ealaíonta	Gairid
bás	Díoltas	éadóchas	Dóchas	Saint
greann	teannas	Nadúr/dúlra	Draíocht	meas
Casta	soiléir	Álainn	dathúil	Láidir
Sean	Traidisiúnta	cróga	Dílis	macánta
Grámhar	misniúil	leochaileach	Cráifeach	saonta
uasal	bríomhar	mailíseach	uaigneach	dúr
Úrscéal	Seánra	Gearrscéal	Sliocht	teicnící
teideal	dráma	béaloideas	stíl	Agallamh

L. Feasacht teanga

Téarmaí	Briathra	mothúcháin	Ainmfhocail	Scannánaíocht/Dráma	Aidiachtaí	
íomhá	Tabhair	grá	bás	Stiúrthóir	éifeachtach	deacair
cosúlachtaí	Cruthaigh	fuath	díoltas	Léiritheoir	ealaíonta	éasca
difríochtaí	Úsáid	brón	dóchas	Eagarthóir	fada	dea- scríofa
comparáid	Léirigh	uaigneas	éadóchas	Scríbhneoir	gairid	soineanta
codarsnacht	Taispeáin	áthas	saint	Fuaimrian	casta	lách
áibhéil	Feic	eagla	nádúr/ dúlra	seit	soiléir	cineálta
athrá	Déan	éad	béim	radharc	álainn	dáiríre
uaim	Cíoraigh	faoiseamh	bean	gníomh	dathúil	dícheallach
comhfhuaim	Braith	cumha	fear	stáitse	láidir	cróga
pearsantú	Bí	sceitimíní	carachtar	priomhcharachtar	fuar	misniúil
mothúcháin	An chopail ‘is’	tuirse	teannas	mioncharachtair	te	morálta
príomhmhothúchán	Cuir	díomá	greann	suite	traidisiúnta	dílís
téama	Ceap	ocras	draíocht	culaith	nua-aimseartha	macánta
príomhthéama	Múscail	tart	meas	stíl	sean	mímhacánta

Frásaí úsáideacha			Abairtí úsáideacha			
Taitníonn/ní thaitin an dán seo liom			Tugann an file cur síos éifeachtach dúinn ar X			
sa véarsa deireanach			Tugtar cur síos éifeachtach dúinn ar X			
grá don dúlra/chultúr/fharraige			Sa chéad véarsa, tugann an file íomhá dúinn de X			
sa chéad /dara/ tríú véarsa			Cruthaíonn an file atmaisféar X..			
friotal deas simplí			Cruthaíonn/úsáideann an file (Cruthaítear/úsáidtear) íomhánna éifeachtach ealaíonta sa dán.			
friotal gearr gonta			Úsáideann an file (Úsáidtear) athrá chun béim a chur ar mhothúcháin an dáin			
an téama is láidre			Léiríonn an file X sa chéad/dara...véarsa			
an mothúchán is láidre			Léirítear saol traidisiúnta an oileáin sa dán seo			
Is é X téama an dáin seo.			Taispeánann an file (Taispeántar) X ag deireadh an dáin			
Tugann/cruthaíonn/úsáideann/léiríonn/taispeánann/déanann/braitheann/tá/cuireann/músclaíonn/míníonn/an file			Feictear dom go bhfuil X le brath ag deireadh an dáin			
Feictear/tugtar/cruthaítear/úsáidtear/léirítear/taipeántar/déantar/cuirtear/músclaítear/mínítear X sa chéad/dara véarsa			Tá codarsnacht le feiceáil idir véarsa a haon agus véarsa a dó			
Tuiseal ginideach	ainm an fhile	teideal an scéil	teideal an dáin	áilleacht na farraige	soineantacht na hóige	draíocht na hóige
saibhreas an tsaoil	tús an scéil	téama an scannáin	éirí na gréine	caint na ndaoine	díomá an fhile	saol an scríbhneora

